Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 25

# Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 25, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais agus le haghaidh deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2013, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2012, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tabhairt suas a iarchur.

Tá barrachas €47.82 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla***

Tugtar tuairisc ar Cheangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí ag tairseach €12.697 milliún (F7/9/92).

***Sócmhainní Caipitil***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana agus ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar 5 bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas ag 10% in aghaidh na bliana thar 10 mbliana agus déantar trealamh radair a dhímheas thar 15 bliana.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe Rialacháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Oibrítear córas um bainistiú riosca sa Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Tá treoirlínte cuí ann ar rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh. Tá an Roinn comhlíontach, seachas i gcás trí chonradh (os cionn €25,000) arb ionann a luach agus €0.188 milliún (gan CBL a áireamh) a bronnadh gan tairiscint iomaíoch ar chúiseanna eisceachtúla. Chuir an Roinn sonraí faoi na conarthaí eisceachtúla aonuaire seo ar fáil d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus d'Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar is gá.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

28 Márta 2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidlí 5, 6 agus 7 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2013 do ghnóthaí áirithe eile a bhaineann le Vóta 25.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2014

# Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 583,836 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 22,000 | 605,836 | | 588,868 | 682,566 |
| B | Seirbhísí uisce | | 337,447 | | 285,897 | 316,368 |
| C | An comhshaol agus bainistíocht dramhaíola | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 29,252 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 10,000 | 39,252 | | 36,027 | 34,477 |
| D | Rialtas Áitiúil | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 23,715 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 2,000 | 25,715 | | 24,213 | 31,557 |
| E | Forbairt phobail agus tuaithe | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 199,477 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 9,000 | 208,477 | | 178,086 | 153,076 |
| F | Pleanáil | | 17,085 | | 20,063 | 18,293 |
| G | Met Éireann | | 17,240 | | 15,513 | 16,089 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 1,208,052 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 43,000 | | | | |
| | | | **1,251,052** | | **1,148,667** | **1,252,426** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| H | **Leithreasaí i gcabhair** | | **77,936** | | **95,369** | **70,658** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 1,130,116 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 43,000 | | | | |
| | | | **1,173,116** | | **1,053,298** | **1,181,768** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 119,818,418 | 125,855,686 |
| Tabhairt suas a iarchur | 72,000,000 | 43,000,000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 47,818,418 | 82,855,686 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 49,339 | 47,681 | 49,474 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,525 | 1,151 | 1,708 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,641 | 843 | 1,089 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,471 | 859 | 1,137 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 5,166 | 6,148 | 7,748 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,244 | 526 | 724 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 134 | 49 | 160 |
| viii | Uachtaránacht ar an AE[1] | 1,695 | 1,308 | 352 |
| | | 62,215 | 58,565 | 62,392 |

[1] Baineann an soláthar measta agus an toradh do 2013 le costais phá agus neamhphá. Baineann an toradh do 2012 le costais phá amháin

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,090,102 | 1,190,034 |
| Pá[1] | | 48,251 | 49,826 |
| Neamhphá | | 10,314 | 12,566 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,148,667** | **1,252,426** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **95,369** | **70,658** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,053,298** | **1,181,768** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead | (655) | | |
| Dímheas | 1,267 | | |
| | | 612 | 24,300 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (137) | (7) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2,381) | | |
| Laghdú ar stoc | 22 | | |
| | | (2,359) | 9,896 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,051,414** | **1,215,957** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 17,056 | 18,422 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,561 | 2,651 |
| **Costas glan cláir** | | **1,071,031** | **1,237,030** |

[1] Áirítear leis an bhfigiúr pá maidir le 2013 tuarastail le haghaidh uachtaránacht an AE arbh ionann iad agus €569,722 (2012: €352,000).

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Aoisliúntas agus Liúntais Scoir Vóta 12 | | 15,708 | 16,978 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí Vóta 13 | m | 1,111 | 1,231 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 237 | 213 |
| | | 17,056 | 18,422 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,691 | 4,366 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 146 | — |
| | | **3,837** | **4,366** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 77,123 | 45,871 |
| Stoic | 2.5 | 290 | 312 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,036 | 3,055 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,123 | 5,659 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 833 | 1,552 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **82,405** | **56,449** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,638 | 13,809 |
| Ioncam iarchurtha | | 332 | 78 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 3,247 | 3,336 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 74,709 | 44,087 |
| Iomlán na ndliteanas reatha | | **84,926** | **61,310** |
| **Glandliteanais reatha** | | (2,521) | (4,861) |
| **Glandliteanais** | | **1,316** | **(495)** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,316** | **(495)** |

### 2.1 Cuntas Maoinithe Stáit

| | Nóta | €000 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | (495) | 33,839 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 1,173,116 | | |
| Tabhairt suas a iarchur | | (72,000) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (47,818) | | |
| Glanvóta | | | 1,053,298 | 1,181,768 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 17,056 | 18,422 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 2,561 | 2,651 |
| Coigeartú sócmhainní caipitil | | | (73) | (145) |
| Costas glan cláir | 1 | | (1,071,031) | (1,237,030) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,316** | **(495)** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 425 | 261 | 22,847 | 3,450 | 26,983 |
| Coigeartuithe[1] | — | — | 615 | (345) | 270 |
| Breiseanna | 2 | — | 630 | 33 | 665 |
| Diúscairtí | — | — | (83) | (2) | (85) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 427 | 261 | 24,009 | 3,136 | 27,833 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 23 | 168 | 19,518 | 2,908 | 22,617 |
| Coigeartuithe[1] | — | — | 615 | (272) | 343 |
| Dímheas don bhliain | 1 | 23 | 1,136 | 107 | 1,267 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (83) | (2) | (85) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | 24 | 191 | 21,186 | 2,741 | 24,142 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013[2]** | **403** | **70** | **2,823** | **395** | **3,691** |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **402** | **93** | **3,329** | **542** | **4,366** |

[1] D'fhonn léiriú a thabhairt den luacháil is fearr ar shócmhainní, theastaigh coigeartuithe a dhéanamh ar chostas nó ar luacháil ollsócmhainní an 1 Eanáir 2013, agus ar an dímheas carnach an 1 Eanáir 2013, lena n-áirítear bogearraí a raibh dímheas iomlán déanta orthu a thabhairt isteach nach raibh aon chaipitliú déanta orthu roimhe sin agus fáil réidh le sean-trealamh TF agus oifige níos sine agus le sócmhainní troscáin agus fearais chun a ndiúscairt fisiciúil stairiúil a léiriú, nach raibh próiseáilte ar an gclár sócmhainní.

[2] Cuireann an Roinn roinnt seirbhísí cóiríochta agus TFC ar fáil do Rannóg Oidhreachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá na sócmhainní caipitil arna gceannach ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil suas go dtí 31 Nollaig 2012 agus a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar taifeadta ar a clár sócmhainní. Cuirfear tús le próiseas a bhainfidh le haistriú féideartha na sócmhainní sin chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2014.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 |
|---|---|
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | — |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain | 146 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 146 |

## 2.4 Banc agus Airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead | 77,123 | 45,872 |
| Orduithe gan íoc | — | (1) |
| | 77,123 | 45,871 |

## 2.5 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 192 | 197 |
| Ábhar inchaite IT | 47 | 60 |
| Stáiseanóireacht | 33 | 40 |
| Ábhair ghlantacháin | 1 | 3 |
| Eile | 17 | 12 |
| | 290 | 312 |

## 2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 261 | 144 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 128 | 82 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 54 | 130 |
| Óinchistí | 7 | 17 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 383 | 1,179 |
| | 833 | 1,552 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 844 | 862 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 275 | 267 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 252 | 217 |
| Cáin Bhreisluacha | 123 | 231 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 63 | 34 |
| | 1,557 | 1,611 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 1,690 | 1,725 |
| | 3,247 | 3,336 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 47,818 | 82,856 |
| Tabhairt suas a iarchur | 72,000 | 43,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (45,109) | (81,769) |
| Glandliteanas don Státchiste | 74,709 | 44,087 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 77,123 | 45,871 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 833 | 1,552 |
| | 77,956 | 47,423 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,557) | (1,611) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,690) | (1,725) |
| | (3,247) | (3,336) |
| | 74,709 | 44,087 |

| **2.9 Dliteanais Aibithe** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig | 5 | 12 |

## 2.10 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | | |
| (i) | Fotheidil soláthair | 41 | 108 |
| (ii) | Fotheidil deontais | 657,769 | 1,055,299 |
| | | 657,810 | 1,055,407 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

| 1 Tionscadail Uisce/Séarachais | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2012 | Caiteachas 2013 | Blianta ina Dhiaidh Sin | Iomlán an Tionscadail 2013 | Iomlán an Tionscadail 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh 2[1] | 16,606 | 327 | 1,800 | 18,733 | 18,106 |

**Nóta:**

Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce - ceangaltais chaipitil

Bhí foráil san Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 chun Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta de chuid Bhord Gáis Éireann. D'aistrigh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 freagracht reachtúil as seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann agus bhí foráil ann ionas go mbeadh údaráis áitiúla in ann gníomhú mar ghníomhairí le haghaidh Uisce Éireann ón 1 Eanáir 2014. Ag éirí ó aistriú na bhfeidhmeanna seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann, tá na ceangaltais chaipitil a bhí á maoiniú roimhe seo ag an Roinn faoin gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce faoi chúram na cuideachta sin anois agus dá bhrí sin ní bheidh siad á maoiniú ó Vóta na Roinne ón 1 Eanáir 2014.

| 2 Tionscadail Tithíochta | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2012 | Caiteachas 2013 | Blianta ina Dhiaidh Sin | Iomlán an Tionscadail 2013 | Iomlán an Tionscadail 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail Tógála** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24[1] | 16,219 | 8,793 | — | 25,012 | 16,399 |
| Cnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí | 22,766 | — | 287 | 23,053 | 23,053 |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath[1] | 13,799 | 1,491 | — | 15,290 | 13,959 |
| Páirc na bhFianna, Baile Mhistéil, Corcaigh[1] | 15,994 | 1,369 | — | 17,363 | 16,912 |
| Iomlán | 68,778 | 11,653 | 287 | 80,718 | 70,323 |

| Tionscadail Athbheochana | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas 2013 €000 | Blianta ina Dhiaidh Sin €000 | Iomlán an Tionscadail 2013 €000 | Iomlán an Tionscadail 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Gleann, Céim 2, Cathair Chorcaí[2] | 9,587 | 2,939 | 306 | 12,832 | — |
| Áras na Saoirse, Cathair Bhaile Átha Cliath | 2,096 | 5,860 | 5,284 | 13,240 | 13,240 |
| Athbheochan Árasáin Bhaile Munna[1] | 736,479 | 18,919 | 10,000 | 765,398 | 762,479 |
| Áras Sheáin Uí Threasaigh, Cathair Bhaile Átha Cliath[1] | 13,502 | 523 | — | 14,025 | 13,849 |
| Eastát Mhíchil, Cathair Bhaile Átha Cliath[2] | 10,197 | 5,507 | 2,444 | 18,148 | — |
| Iomlán | 771,861 | 33,748 | 18,034 | 823,643 | 789,568 |

| Tithíocht Dheonach | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Respond, Achadh an Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 22,195 | 486 | — | 22,681 | 22,681 |
| An Cumann Caitliceach um Chúnamh Tithíochta, Áras an Athar Uí Scolaidhe, Sráid Grenville, Baile Átha Cliath 1[1] | 3,256 | 8,274 | 5,195 | 16,725 | 16,629 |
| Iomlán | 25,451 | 8,760 | 5,195 | 39,406 | 39,310 |

| 3 An Ciste Carbóin | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas 2013 €000 | Blianta ina Dhiaidh Sin €000 | Iomlán an Tionscadail 2013 €000 | Iomlán an Tionscadail 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceannach creidmheasanna carbóin[1] | 118,913 | 371 | 3,000 | 122,284 | 122,264 |

**Nótaí:**

[1] Costas an tionscadail nuashonraithe ó 2012.

[2] Fágtha ar lár ó chuntas 2012 mar go raibh costas measta na scéime ag an am faoi €12.7 milliún.

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2012 agus 2013.

| **Tionscadail** | **méadú ar chostas iomlán in 2013 €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2 | 627 | Tharla an méadú mar gheall ar oibreacha agus costais bhreise a raibh gá leo. |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 8,613 | Tharla an méadú mar gheall ar bhuiséad togra eatraimh ceadaithe i ndiaidh díospóid conartha a shocrú. |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 1,331 | Tharla an méadú mar gheall ar bhuiséad athbhreithnithe a ceadaíodh i ndiaidh athruithe breise a cheadú agus cur isteach ar an gconradh mar gheall ar sheirbhísí fóntais nár úsáideadh cheana agus saincheisteanna comhéadain le cuideachtaí ábhartha. |
| Athbheochan Árasáin Bhaile Munna | 2,919 | Tharla an méadú mar gheall ar roinnt cuntas deiridh a bheith á gcur isteach in 2013 agus na híocaíochtaí gaolmhara a bhí riachtanach. |

**2.11 Fheabhsúchán Talún**

Ar bhonn carnach go dtí an 31 Nollaig 2013, caitheadh €31.879 milliún ar an iomlán ón Vóta agus ón gCiste Comhshaoil araon maidir le feabhsúchán 15 shuíomh líonadh talún tráth a rabhthas ag súil le costais eile sa todhchaí ar an dáta sin. Cuimsíodh leis sin €22.857 milliún ón Vóta agus €9.022 milliún ón gCiste Comhshaoil. Samhlaítear go gcaithfear €14.775 milliún ar feabhsúchán 13 de na suíomhanna sin amach anseo. Ina theannta sin, beidh riachtanas mór maoinithe maidir leis an 2 shuíomh a bheidh fágtha (Baile Chairdif, Contae Chill Dara agus Cill Chonaill, Contae na Gaillimhe). Níl an leibhéal maoinithe atá riachtanach ar fáil go fóill ag feitheamh ar chinntí maidir leis an gcur chuige maidir le feabhsúchán an dá shuíomh sin agus toradh na bpróiseas soláthair gaolmhara.

# 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **A** | **Tithíocht** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 8,780 | 7,496 | | 8,061 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,903 | 1,437 | | 2,035 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 235,836 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 10,000 | 245,836 | 241,582 | | 263,123 |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 125,500 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 12,000 | 137,500 | 112,885 | | 135,654 |
| A.5 | Cuimsiú sóisialta | | 53,510 | 53,359 | | 55,016 |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | | 111,400 | 122,052 | | 149,049 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | | 35,000 | 38,297 | | 53,417 |
| A.8 | Fóirdheontais agus liúntais | | 6,100 | 5,993 | | 6,418 |
| A.9 | Seirbhísí eile | | 5,807 | 5,767 | | 9,793 |
| | | | **605,836** | **588,868** | | **682,566** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €16.97 milliún níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 24,615 | Bhí an méid maoinithe ar ghlac comhlachtaí tithíochta formheasta leis a bhí ar fáil faoin Scéim um Chúnamh Caipitil agus faoin Scéim um Shaoráid Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | (10,652) | Ag eascairt as beart spreagthaigh um éifeachtúlacht fuinnimh a fógraíodh i lár na bliana 2013, tabhaíodh caiteachas breise ar oibreacha aisfheistithe inslithe. |
| Deontais tithíochta príobháidí | (3,297) | Tháinig caiteachas breise aníos mar thoradh ar an ardleibhéal leantach éilimh faoi Scéimeanna Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Uisce** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 5,587 | 5,805 | 6,142 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,126 | 965 | 1,314 |
| B.3 | Clár infheistíochta seirbhísí uisce | 286,344 | 241,477 | 268,157 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | 39,600 | 33,880 | 39,710 |
| B.5 | Imeall trá | 2,000 | 1,122 | 1,045 |
| B.6 | Seirbhísí eile | 2,790 | 2,648 | — |
| | | **337,447** | **285,897** | **316,368** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €51.55 milliún níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh** €000 | **Míniú** |
|---|---|---|
| Clár infheistíochta seirbhísí uisce | 44,867 | Bhí tionchar acu seo a leanas ar leibhéal an chaiteachais agus chuir siad le coigiltí ar an bhfotheideal: deacrachtaí do chonraitheoirí chun na bannaí riachtanacha a áirithiú, saincheisteanna leis na ranníocaíochtaí a bhí á ndéanamh ag údaráis áitiúla le costais tionscadail, agus moilleanna dlí/soláthair, i dteannta an ghá a bhí le dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Athchóirithe na hEarnála Uisce. |
| Clár uisce tuaithe | 5,720 | Tháinig coigiltí aníos mar nár tháinig na héilimh a rabhthas ag súil leo ó údaráis áitiúla i leith na scéime deontais le haghaidh fheabhsú/uasghrádú na gcóras cóireála fuíolluisce tí. |
| Imeall trá | 878 | Bhí an caiteachas i leith costais dlí, luachálacha agus teagmhas ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Seirbhísí eile | 142 | Bhí an ghné fíneála laethúla a gearradh ar Éirinn i gcás C-374/11 (umair sheipteacha) de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh níos lú ná a measadh ar dtús agus níos tháinig costais eile dlí aníos. |

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar measta** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | | **€000** | **€000** |
| **C** | **An Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 6,670 | | 7,254 | 7,165 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,886 | | 2,257 | 2,537 |
| C.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 15,177 | | 15,325 | 17,150 |
| C.4 | Beartas Comhshaoil Radaíochta | | 2,206 | | 2,206 | 2,421 |
| C.5 | Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | — | | — | — |
| C.6 | An Ciste Carbóin | | 400 | | 371 | 1,904 |
| C.7 | Ceangaltais idirnáisiúnta ar athrú aeráide | | — | | — | — |
| C.8 | Leigheas líonadh talún | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 1,866 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 10,000 | 11,866 | | 8,598 | 3,300 |
| C.9 | Seirbhísí eile | | 47 | | 16 | — |
| | | | **39,252** | | **36,027** | **34,477** |

Léirítear an soláthar measta agus an toradh don Uachtaránacht ar an AE don fhotheideal riaracháin (viii) in aghaidh fhotheideal C.1 agus fhotheideal C.2 thuas do 2013. Léirítear an toradh do 2012 in aghaidh fhotheideal C.1 thuas.

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €3.23 milliún níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Leigheas líonadh talún | 3,268 | Níor thosaigh obair ar dhá thogra mhóra feabhsúcháin ar líonta talún a bhí á mbeartú ag údaráis áitiúla mar a bhí súil leo tosú in 2013. |

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Rialtas Áitiúil** | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | 8,997 | 8,184 | 9,398 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,919 | 1,659 | 2,246 |
| D.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | | — | — | — |
| D.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | | | |
| | *Bliana reatha* | 5,792 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 2,000 | 7,792 | 5,644 | 6,792 |
| D.5 | Seirbhís leabharlainne agus cartlainne an Údaráis Áitiúil | | 6,300 | 4,689 | 6,300 |
| D.6 | Míbhuntáiste sóisialta agus geilleagrach (Ciste na gCuntas Díomhaoin) | | — | — | 279 |
| D.7 | Toghchóras | | 300 | 258 | 278 |
| D.8 | Seirbhísí eile | | 407 | 3,779 | 6,264 |
| | | | **25,715** | **24,213** | **31,557** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €1.5 milliún níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 2,148 | Níor tharraing an t-údarás áitiúil síos maoiniú a leithdháileadh le haghaidh stáisiún mór dóiteáin nua i bPort Láirge mar gheall ar an achar ama a theastaigh chun an togra a phleanáil agus a thosú. |
| Seirbhís leabharlainne agus cartlainne an Údaráis Áitiúil | 1,611 | Níor bhain na húdaráis áitiúla an leibhéal dul chun cinn a rabhthas ag súil leis amach ar dhá thionscadal leabharlainne i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh. |
| Seirbhísí eile | (3,372) | Tháinig caiteachas breise aníos d'fhonn maoiniú a sholáthar do chur i gcrích Chlár Feabhsúcháin Sciorradh Talún an Chóibh. |

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| **E** | **Forbairt Phobail agus Tuaithe** | | | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | | 4,788 | 5,899 | | 4,810 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | 636 | 678 | | 811 |
| E.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 10,661 | 10,664 | | 11,335 |
| E.4 | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 48,707 | 47,657 | | 53,682 |
| E.5 | RAPID | | 2,050 | 263 | | 3,077 |
| E.6 | Bearta na gCuntas Díomhaoin | | 6,385 | 1,243 | | 2,457 |
| E.7 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | | 1,531 | 1,312 | | 1,387 |
| E.8 | Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe | | 3,800 | 3,793 | | 3,142 |
| E.9 | LEADAR – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | | | | | |
| | *Bliana reatha* | 96,000 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 9,000 | 105,000 | 82,689 | | 53,244 |
| E.10 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 20,846 | 20,845 | | 15,847 |
| E.11 | Clár INTERREG | | 2,500 | 2,500 | | 2,409 |
| E.12 | Comórtas na mBailte Slachtmhara (nóta 6.7) | | 1 | 1 | | 1 |
| E.13 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | | 507 | 507 | | 512 |
| E.14 | Tacaíocht iomarcaíochta na hearnála pobail (airgeadteoranta) | | 1,000 | — | | — |
| E.15 | Seirbhísí eile | | 65 | 35 | | 362 |
| | | | **208,477** | **178,086** | | **153,076** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €30.39 milliún níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| RAPID | 1,787 | Bhí coigilteas ann de bharr go raibh caiteachas comhlachtaí poiblí eile le cómhaoiniú faoin scéim ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Bearta na gCuntas Díomhaoin | 5,142 | Mar gheall ar chineál scéim na gcuntas díomhaoin, tarraingíonn líon mór eagraíochtaí deonacha maoiniú anuas thar thréimhse dhá bhliain/trí bliana. Bhí an caiteachas níos lú ná an méid a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar éilimh ó thairbhithe a bhí níos moille ná a bhíothas ag coinne leis agus mar thoradh ar an bhfad ama a bhí ag teastáil chun cur chun feidhme an Tionscnaimh Thairsí a phleanáil. |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 219 | Bhí coigilteas ann de bharr costais laghdaithe foirne i gCoimisiún Forbartha an Iarthair. |
| LEADAR – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 22,311 | Chuir méadú ar ráta cómhaoiniúcháin an AE le laghdú ar chostas iomlán an chláir don Státchiste agus bhí sé riachtanach coigeartuithe ar na leithdháiltí ar chuideachtaí forbartha aitiúla a mheasúnú agus a chur i bhfeidhm dá bharr. Bhí sé riachtanach ceaduithe tionscadail a chur siar go luath sa bhliain ar feitheamh chur i gcrích an phróisis seo, rud a d'imir tionchar ar íocaíochtaí faoin gclár. |
| Tacaíocht iomarcaíochta na hearnála pobail (airgeadteoranta) | 1,000 | Ní raibh socraíochtaí i dtaca le cur chun feidhme na scéime i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. Dá bhrí sin, níor tabhaíodh aon chaiteachas. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **F** | **Pleanáil** | | | |
| F.1 | Riarachán - pá | 1,596 | 1,318 | 1,678 |
| F.2 | Riarachán - neamhphá | 87 | 100 | 106 |
| F.3 | An Bord Pleanála | 11,793 | 11,793 | 12,897 |
| F.4 | An Binse Pleanála | 1,999 | 5,321 | 3,281 |
| F.5 | Seirbhísí eile | 1,610 | 1,531 | 331 |
| | | **17,085** | **20,063** | **18,293** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár F €2.98 milliún níos mó ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh** **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| An Binse Pleanála | (3,322) | Bhí maoiniú breise ag teastáil chun freastal ar chostais dlí tríú páirtí a tháinig as obair an Bhinse Pleanála. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **G** | **Met Éireann** | | | |
| G.1 | Riarachán - pá | 13,496 | 12,295 | 12,572 |
| G.2 | Riarachán - neamhphá | 3,744 | 3,218 | 3,517 |
| G.3 | Suibscríbhinn le heagraíochtaí idirnáisiúnta | — | — | — |
| | | **17,240** | **15,513** | **16,089** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin). Níor chomhlíon aon toradh de chuid an chláir seo na critéir sin in 2013.

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gCabhair** | | **2013** | | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 2,100 | 2,437 | 2,752 |
| 2. | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith áitreabh atá in úsáid i ndáil le hÁrachas Sóisialach [an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005] | 741 | 741 | 741 |
| 3. | Fáltais Met Éireann | 8,500 | 9,580 | 9,989 |
| 4. | Fáltais Ilghnéitheacha | 200 | 405 | 311 |
| 5. | Fáltais do Chuntais Dhíomhaoine | — | — | 279 |
| 6. | Fáltais Imeall Trá | 2,000 | 1,849 | 1,028 |
| 7. | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 12,361 | 11,248 | 8,053 |
| 8. | Cuntais Dhíomhaoine – riarachán | 750 | 647 | 803 |
| 9. | Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir | 5,634 | 596 | 1,653 |
| 10. | LEADER – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 40,000 | 61,767 | 38,800 |
| 11. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 5,650 | 6,099 | 6,249 |
| | Iomlán | 77,936 | 95,369 | 70,658 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| **Cur Síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla etc. chun a gcuid cuntas a iniúchadh | (337) | Eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear iniúchtaí i gcrích. Bhí an t-ioncam ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis toisc go bhfuarthas táillí gan íoc. |
| Fáltais MET Éireann | (1,080) | Bhí ioncam ó tháillí maidir le seirbhísí Met Éireann níos airde ná an t-ioncam a rabhthas ag súil leis. |
| Fáltais Ilghnéitheacha | (205) | Is deacair il-leithreasaí i gcabhair a mheas agus bhí siad ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| Fáltais Imeall Trá | 151 | Is deacair fáltais imeall trá a thuar go cruinn agus bhí siad ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 1,113 | Bhí fáltais níos lú ná mar a bhí súil leo ó chistí an AE le linn na bliana mar gheall ar an tionchar ó fhachtóirí éagsúla, cosúil le luaineacht i rátaí malartáin an euro/steirling agus mar gheall ar mhoill a tharla le tograí ag cur caiteachas dearbhaithe iarbhír isteach, a mbíonn tionchar acu ar mhéid agus ar uainiú íocaíochtaí. |
| Cuntais Dhíomhaoine – riarachán | 103 | Idirbheartaíodh síos na costais riaracháin maidir le bearta agus cláir na gcuntas díomhaoin, rud as ar tháinig fáltais níos ísle. |

| Cur Síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cuntais dhíomhaoine – caiteachas cláir | 5,038 | Baineann an leithreas i gcabhair seo le cúiteamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin de chaiteachas cláir a tháinig chun cinn faoi fhotheideal E.6. Sa chás seo, bhí an caiteachas sin ó fhotheideal E.6. níos lú ná an méid a bhíothas ag súil leis in 2013. |
| LEADER, fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | (21,767) | Léiríodh na fáltais a bhí níos mó ná mar a measadh an méadú ar ráta cómhaoiniúcháin an AE ó 55% go 85% agus an leibhéal caiteachais a baineadh amach sna tréimhsí airgeadais cáilitheacha ábhartha. |
| Fáltais ó laghduithe a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (449) | Bhí sé deacair ioncam ón bhfoinse seo a thuar go cruinn. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Scéim trádála astaíochtaí[1] | 43,437 | — |
| Aisíocaíocht an chaiteachais neamh-incháilithe faoin gclár Clár | 268 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha | 171 | — |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine | 110 | — |
| Fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta | 88 | 56 |
| Iarmhéid amuigh i gcuntas bainc dúnta | 74 | — |
| Ús ón gcuntas bainc arna úsáid le haghaidh ríomhíocaíochtaí | 19 | 33 |
| Tabhairt suas dheonach an phá | 16 | 16 |
| Diúscairt an trealaimh vótála leictreonaí | — | 69 |
| | 44,183 | 174 |

[1] Le tús an tríú tréimhse trádála in 2013, beidh ceantáil as seo amach ar an bpríomh-mhodh a bheidh ann lamháltais charbóin a leithdháileadh faoi Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Bíonn Éire, ach an oiread le ballstáit eile, rannpháirteach i saoráid ceantála láraithe an AE áit a ndéantar na lamháltais a chur ar ceant ar an margadh oscailte. I ndiaidh na gceantanna a chur i gcrích, roinntear na fáltais amach i measc na mballstát lena mbaineann.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | | | |
| | Roinn | 748 | 779 |
| | Gníomhaireachtaí [1] | 696 | 739 |
| | | 1,444 | 1,518 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 43,177 | 44,497 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 470 | 377 |
| Liúntais eile | 1,877 | 2,111 |
| Ragobair | 548 | 486 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,427 | 2,431 |
| **Pá iomlán** [2] | **48,499** | **49,902** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre [2]

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 117 | 8 | 18,706 | 19,666 |
| Liúntais eile | 235 | 84 | 21,682 | 22,016 |
| Ragobair | 155 | 14 | 20,094 | 23,517 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

[1] Áirítear leis an líon foirne i ngníomhaireachtaí na Roinne ag deireadh na bliana roinnt gníomhaireachtaí neamh-thráchtála stáit nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste.

[2] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luacha saothair eile thuasluaite le foireann na Roinne a íocadh go díreach ón Vóta faoi chláir A go G. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i gcás ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla iomchuí nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Athfhostaíodh ochtar státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas €120,894 san iomlán. Traoitheadh a gcuid pinsin nuair a bhí gá é sin a dhéanamh.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil B.3, B.4, E.10 agus E.11 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil E.9 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin maidir le maoiniú agus torthaí an AE, bunaithe ar chaiteachas agus ar rátaí cómhaoiniúcháin:

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 |
| **Fotheideal** | **Cur Síos** | | | |
| B.3 | Clár infheistíochta seirbhísí uisce | 2,500 | 1,000 | — |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | 250 | 207 | 366 |
| E.9 | LEADER– Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 89,250 | 70,286 | 38,800 |
| E.10 | An clár um shíocháin agus athmhuintearas | 11,361 | 11,361 | 8,052 |
| E.11 | Clár INTERREG | 1,875 | 1,875 | 712 |
| | | 105,236 | 84,729 | 47,930 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain an Cheaptha | Caiteachas carnach anuas go deireadh 2013 | 2013 Toradh | 2012 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosrúcháin ar Nithe agus Íocaíochtaí áirithe Pleanála | 1997 | 105,954 | 5,321 | 3,281 |

Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse Fiosrúcháin ar Nithe agus Íocaíochtaí áirithe Pleanála le híoc. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. B’ionann an caiteachas go deireadh na bliana 2013 agus €106 milliún. Ar bhonn meastachán binse i mí na Bealtaine 2014 agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2013, d’fhéadfadh costais bhreise €53 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

**6.3 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fothe-ideal** | **Cur Síos** | | | |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 431 | 431 | 700 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | 5,548 | 5,548 | 6,764 |
| E.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 5,960 | 5,960 | 6,285 |
| E.4 | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,630 | 6,630 | 7,528 |
| | | 18,569 | 18,569 | 21,277 |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.environ.ie

| **6.4 Costais Dlí** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana rangaithe mar seo a leanas: | | |
| Táillí dlí | — | — |
| Costais chúitimh | 7,812 | 7,257 |
| | 7,812 | 7,257 |

Seo a leanas na sonraí maidir le costais:-

- Rinne an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe íocaíocht €2,664,000 tar éis breithiúnas Ard-Chúirte i leith socrú babhtála talún le cuideachta thógála tithe faoin tionscnamh tithíochta inacmhainne (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe S74/45/00 an 26 Deireadh Fómhair 2012).

- Rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú €2,648,000 iad chun freastal ar fhíneálacha a gearradh ar Éirinn i gcás C-374/11 de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le trasuíomh agus cur chun feidhme Treorach maidir le dramhaíl a bhaineann leis an diúscairt fuíolluiscí tí faoin tuath trí umair sheipteacha agus trí chórais chóireála fuíolluisce aonair eile (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe S74/45/00 an 6 Márta 2013).

- Rinneadh íocaíocht €1,500,000 chun freastal ar fhíneáil a gearradh ar Éirinn i gcás C-279/11 de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le trasuíomh Treorach a bhaineann le Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe S74/45/00 an 6 Márta 2013).

- Rinneadh íocaíochtaí €1,000,000 ar an iomlán chun costais dlí páirtithe ábhartha a sheasamh rud a tharla mar gheall ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí a bhain le crios eisiaimh a chur i bhfeidhm le haghaidh iascaireacht diúilicíní mar chuid de cheadúnas cladaigh (cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe S74/45/00 an 4 Meán Fómhair 2013 agus 18 Deireadh Fómhair 2013).

### 6.5 Dliteanas Teagmhasach

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

### 6.6 Tabhairt Anonn Maoinithe

Tugadh anall chuig an mbliain 2014, faoi réir fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, €72,000,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil leis na heilimintí caipitiúla d'fhotheidil B.3, B.4 agus E.9.

### 6.7 Maoiniú do Bhailte Slachtmhara

Sa bhreis ar airgead vótáilte (€1,000), rinneadh urraíocht €482,544 a riar agus a chaitheamh ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara trí chuntas fionraí vóta.